Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa

# ATHBHREITHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA BLIANTÚIL 2006

# CLÁR ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| **004** | **ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN** | |
| **005** | **RÉAMHRÁ** | |
| **006** | **1.0** | **FORBAIRT STAIRIÚIL DE SHÁBHÁILTEACHT EITLÍOCHTA** |
| **008** | **2.0** | **SÁBHÁILTEACHT DOMHANDA NA NOIBRÍOCHTAÍ IOMPAIR POIBLÍ** |
| **013** | **3.0** | **SÁBHÁILTEACHT EORPACH** |
| 013 | 3.1 | Oibríochtaí Iompair Poiblí |
| 013 | 3.1.1 | Aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| 015 | 3.1.2 | Héileacaptair |
| 017 | 3.2 | Oibríochtaí Oibre Ghinearálta Eitlíochta agus Aerga |
| 018 | 3.2.1 | Aerárthaí sciatháin dhobhogtha |
| 019 | 3.2.2 | Héileacaptair |
| 020 | 3.2.3 | Faoileoirí |
| 021 | 3.2.4 | Balúin |
| 021 | 3.2.5 | Aerárthach Iarscríbhinne 2 |
| **022** | **4.0** | **CATAGÓIRÍ TIONÓISCE** |
| 022 | 4.1 | Táscairí Sábháilteachta CAST-ICAO |
| 026 | 4.2 | Táscairí Sábháilteachta Aeriompair Poiblí |
| **031** | **5.0** | **GNÍOMHAÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA EASA** |
| 031 | 5.1 | Tionscnamh Sábháilteachta Straitéiseach na hEorpa (ESSI) |
| 032 | 5.1.1 | Foireann Sábháilteachta Eitlíochta Tráchtála na hEorpa (ECAST) |
| 033 | 5.1.2 | Foireann Sábháilteacht Héileacaptair na hEorpa (EHEST) |
| 034 | 5.1.3 | Foireann Sábháilteachta Eitlíochta Ghinearálta na hEorpa (EGAST) |
| 034 | 5.2 | Déanamh na Rialach |
| 034 | 5.3 | Deimhniú |
| **035** | **AGUISÍNÍ** | |
| 035 | Aguisín 1: Sainmhíniúcháin agus Acrainmneacha | |
| 036 | Aguisín 2: Liosta na bhFigiúirí | |
| 038 | Aguisín 3: Liostú na dtionóiscí marfacha i 2006 | |
| 039 | Séanadh | |

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is í eitilt an modh taistil is sábháilte. Mar a léiríonn an tAthbhreithniú Sábháilteachta Bliantúil seo, i 2006 bhí an líon is lú tionóiscí marfacha i leith aerárthaí sciatháin dhobhogtha in iompar poiblí sa deich mbliana atá díreach imithe (1997 – 2006). Bhí 42 tionóisc mharfach ar fud an domhain an bhliain sin. Freisin bhí líon na mbás ar bord faoi bhun meán an deich mbliana.

Tá feidhmiúchán sábháilteachta eitlíochta na hEorpa ard cé gur ardaigh líon na dtionóiscí marfacha beagán ó 2004. I 2006, bhí sé thionóisc mharfach d’aerárthaí sciatháin dhobhogtha in oibríochtaí iompair poiblí agus mar thoradh ar sin bhí 146 bás ar bord atá os cionn meán an deich mbliana (105). Go príomha tá ´líon ard na mbás mar thoradh ar thionóisc aonair amháin. Ar 9 Iúil 2006, d’fhorthiomáin Airbus 310, cláraithe sa bhFrainc, rúidbhealach in Irkutsk, an Rúis a bhí mar chúis le 126 bás. Freisin léiríonn an t-athbhreithniú seo go bhfuil rátaí feabhsaithe tionóisce na hEorpa níos ísle ná an cuid eile den domhan.

Don chéad uair, bhailigh agus d’áirigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) sonraí tionóisce Eorpaigh le haghaidh Obair Ghinearálta Eitlíochta agus Aerga san athbhreithniú seo. Bhí na sonraí curtha ar fáil ag na Comhlachtaí Náisiúnta um Imscrúdú Tionóisce nó Údaráis Eitlíochta Náisiúnta.

Leanann iarrachtaí chun sábháilteacht eitlíochta a chothabháil agus a fheabhsú ar aghaidh mar thosaíocht do EASA. Freisin tugann an tAthbhreithniú Sábháilteachta Bliantúil forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí sábháilteachta feabhsaithe na Gníomhaireachta lena n-áirítear Tionscnamh Sábháilteachta Straitéiseach na hEorpa.

# RÉAMHRÁ

Tá an tAthbhreithniú Sábháilteacht Bliantúil seo curtha le chéile ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) chun an pobal a chur ar an eolas i leith an leibhéal sábháilteachta ginearálta sa réimse eitlíochta shibhialta mar atá de dhíth ag Airteagal 11 (4) de Rialachán (CE) Uimh 1592/2002 de Pharlaimint na hEorpa agus den gComhairle ó 15 Iúil 2002.

In ullmhúchán don athbhreithniú seo, bhí rochtain ag an Gníomhaireacht ar fhaisnéis tionóisce bailithe ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) trína córas um Tuairisciú Sonraí Tionóisce/Teagmhais (ADREP)[1], staitisticí tionóisce foilsithe ag ICAO chomh maith le sonraí ar úsáid aerárthaigh soláthartha ag ICAO. Sa bhreis ar sin, rinneadh iarratas chuig Ballstáit EASA sonraí a ghnóthú ar thionóiscí aerárthaí éadroma[2] don bhliain 2006.

San athbhreithniú breathnaítear ar "an Eoraip" mar 27 Ballstát an AE móide an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis. I gcomparáid le hAthbhreithniú Sábháilteachta Bliantúil 2005, táthar tar éis an sainmhíniú den Eoraip a leathnú chun Ballstáit nua an AE a áireamh, is iad sin an Bhulgáir agus an Rómáin agus an cheithre bhall EASA neamh-AE. Tá an réigiún sannta bunaithe ar Staid na Clárlainne den aerárthach tionóisce.


[1] Iarscríbhinn 13 – Imscrúdú Tionóisce agus Teagmhais Aerárthaigh – tá sé de dhíth ar an Stát eolas a thuairisciú go ICAO ar thionóiscí chuig aertharthaí le huas-mhais éirithe cláraithe os cionn 2,250 kg.

[2] Aerárthach éadrom: aerárthach le huas-mhais irithe cláraithe faoi bhun 2,251 kg.

# 1.0 FORBAIRT STAIRIÚIL DE SHÁBHÁILTEACHT EITLÍOCHTA

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar rataí tionóisce foilsithe i dTuarascáil Bhliantúil de chuid chuid Comhairle an ICAO.

**FIGIÚR 1** Básanna paisinéirí in aghaidh 100 milliún de mhílte paisinéara, oibríochtaí iompair poiblí sceidealta, ag eisiamh gníomhartha idirghabhála aindílis





Taispeánann na sonraí i bh**FIGIÚR 1** go bhfuil sábháilteacht na heitlíochta tar éis feabhsú ó 1945 ar aghaidh. Bunaithe ar líon na mbásanna paisinéirí in aghaidh gach 100 milliún míle eitilte, thóg sé 20 bliain (1948 go 1968) an chéad fheabhsú iolraithe faoi deich a bhaint amach ó 5 go 0.5. Baineadh amach feabhsú eile iolraithe faoi deich i 1997, 30 bliain ina dhiaidh sin, nuair a bhí an ráta tar éis titim faoi bhun 0.05.

Is léir go bhfuil an ráta tionóisce ar an bhFigiúr seo réidh le blianta beaga anuas. Tá sé mar thoradh ar an scála a úsáideadh chun na rátaí arda a thaispeáint go déanach sna 1940í.

Ina Thuarascáil Bhliantúil táirgeann ICAO rátaí tionóisce de thionóiscí a bhaineann le básanna paisinéirí ó 100,000 eitilt aerárthaigh. Tá forbairt an ráta seo sa 20 bliain deireanach taispeánta i bh**FIGIÚR 2**.

**FIGIÚR 2** Ráta na dtionóiscí ag baint le básanna paisinéirí in aghaidh 100,000 eitilt, oibríochtaí sceidealta, ag eisiamh gníomhartha idirghabhála aindílis





D'éagsúlaigh ráta na dtionóiscí ag baint le básanna paisinéirí in oibríochtaí sceidealta in aghaidh 100,000 eitilt ó 0.18 (1987) go 0.21 (1993) agus níos taispeánadh aon fheabhsú ó 1987 go 1993. Ón bhliain sin, thit an ráta go leanúnach go dtí 2003, nuair a shroich sé a luach is ísle de 0.03. Tar éis méaduithe i 2004 agus 2005, i gcomhar le líon laghdaithe na dtionóiscí marfacha thit an ráta i 2006 go 0.05.

# 2.0 SÁBHÁILTEACHT DOMHANDA NA NOIBRÍOCHTAÍ IOMPAIR POIBLÍ

Tá líon na dtionóiscí soláthartha sa chuid seo den tuarascáil bunaithe ar shonraí gnóthaithe ó chóras um tuairisciú Sonraí Tionóisce/Teagmhais (ADREP) an ICAO. Baineann siad le tionóiscí marfach[3] ade chuid aerárthaí sciatháin dhobhogtha le huas-mhais éirithe deimhnithe os cionn 2,250 kg.

Ba é líon iomlán na dtionóiscí marfacha chuig aerárthaí sciatháin dhobhogtha in oibríochtaí iompair poiblí sa deich mbliana atá imithe ná 60 sa bhliain. Tá líon na dtionóiscí marfacha i 2006 (42) níos ísle ná an bhliain roimhe sin 2005 (59) agus is é an líon is ísle sa deich mbliana 1997 go 2006.


**FIGIÚR 3** Tionóiscí marfacha, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM[4]




Is féidir oibríochtaí iompair poiblí a fhoroinnt níos faide isteach in oibríochtaí paisinéara, oibríochtaí lastais agus oibríochtaí eile, ar nós farantóireacht, suíomh, fámaireacht agus eitiltí aerthacsaithe. Na hoibríochtaí is tábhachtaí i dtéarmaí líon na n-oibríochtaí bainte amach ná eitiltí lastais agus paisinéara. Taispeánann **FIGIÚIRÍ 4** agus **5** líon na dtionóiscí marfacha le haghaidh na hoibríochtaí seo.


[3] Tionóisc mharfach: tionóisc le toradh de ar a laghad bás amháin, criú eitilte agus/nó paisinéir nó ar an talamh, laistigh de 30 lá ón tionóisc.
[4] MTOM = uas-mhais éirithe cláraithe

**FIGIÚR 4** Tionóiscí marfacha, oibríochtaí iompair poiblí paisinéara, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM




Ina iomlán tharla 25 tionóisc mharfach le hoibríochtaí iompair poiblí paisinéara i 2006; an líon céanna agus a bhí ann i 2003. I 2004 bhí líon na dtionóiscí níos ísle (20).

**FIGIÚR 5** Tionóiscí marfacha, oibríochtaí iompair poiblí lastais, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM




Ba é líon na dtionóiscí marfacha le haghaidh oibríochtaí iompair poiblí lastais i 2006 an líon is ísle son deich mbliana (10).

D'ísligh líon iomlán na mbásanna ar bord le haghaidh oibríochtaí iompair poiblí uile ó 1,140 i 2005 go 923 i 2006. Tá an bhliain 2006 fós faoi bhun meán an deich mbliana (1,048) agus ní raibh líon na mbásanna níos ísle ná 2006 ach i dtrí bliana den deich mbliana atá díreach imithe. I 2006 ba é 823 líon na mbásanna paisinéirí in oibríochtaí iompair poiblí, suas ó 456 i 2004 ach síos ó 990 i 2005. Freisin tá líon an mbásanna paisinéirí i 2006 níos ísle ná an meán (891.3) don deich mbliana deireanach.

Tabhair faoi deara go n-áiríonn líon na mbásanna sna graif básanna mar thoradh ar ghníomhartha idirghabhála aindílis le heitlíocht shibhialta.

**FIGIÚR 6** Básanna ar bord, iomlán na n-oibríochtaí poiblí aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM




Taispeánann **FIGIÚR 7** gur tharla an cuid is mó de thionóiscí marfacha sa deich mbliana deireanach le linn céim na tuirlingte agus ascnaimh (40 faoin gcéad) cé go gcaitear formhór na hama ar bord i gcéim cúrsála nó faoi bhealach na heitilte.


**FIGIÚR 7** Dáileadh na dtionóiscí marfacha thar céimeanna na heitilte, oibríochtaí iompair poiblí, domhanda, 1997-2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM

40 % Ascnamh agus tuirlingt

28 % Faoi bhealach

22 % Éirí

10 % Eile




Taispeánann sonraí gnóthaithe ó ICAO go bhfuil an cabhlach aeriompair tráchtála, aerárthaí os cionn 9,000 kg MTOM, comhdhéanta go príomha d'aerárthaí tuirbín–chumhachta a dhéanann suas 99% den chabhlach. Taispeántar an dáileadh i bh**FIGIÚR 8**.

**FIGIÚR 8** Dáileadh cabhlaigh aeriompair tráchtála de réir cineál na gluaiseachta, stáit conarthachta ICAO, 1996 – 2005, mais aerárthaigh níos mó ná 9,000 kg MTOM

81 % Tuirbscaird/gaothrán


18 % Tuirbeitleán

1 % Inneall loiní




Is é an dáileadh tráchta ag réigiún staidrimh an ICAO an t-ábhar i bh**FIGIÚR 9**.

**FIGIÚR 9** Dáileadh réigiúnda de líon na n-eitiltí, oibríochtaí sceidealta agus neamh-sceidealta, 2000 – 2005




Taispeánann **FIGIÚR 10** ráta na dtionóiscí marfacha uile, aerárthaí oibríochtaí sceidealta agus neamh-sceidealta sciatháin dhobhogtha, os cionn 2,250 kg le haghaidh réigiúin staidrimh an ICAO. Tá an comhaireamh bunaithe ar sonraí gnóthaithe ó ICAO ADREP do thionóiscí chuig aerárthaí os cionn 2,250 kg MTOM chomh maith le sonraí an ICAO ar ghluaiseachtaí (sceidealta móide neamh–sceidealta) le haghaidh réigiúin staidrimh an ICAO.

**FIGIÚR 10** Ráta na dtionóiscí marfacha don tréimhse, 2000 – 2005, oibríochtaí sceidealta agus neamh-sceidealta



# 3.0 SÁBHÁILTEACHT EORPACH


Déanann an caibidil seo athbhreithniú ar na sonraí tionóisce don Eoraip. I gcomparáid le hAthbhreithniú Sábháilteachta Bliantúil 2005, táthar tar éis an sainmhíniú den Eoraip a leathnú chun Ballstáit nua an AE a áireamh, is iad sin an Bhulgáir agus an Rómáin agus baill uile EASA neamh-AE.

## 3.1 OIBRÍOCHTAÍ IOMPAIR POIBLÍ

### 3.1.1 AERÁRTHACH SCIATHÁIN DHOBHOGTHA OS CIONN 2,250 KG MTOM

I 2006, ba é líon na dtionóiscí marfacha san Eoraip le haghaidh aerárthaí sciatháin dhobhogtha, oibríochtaí iompair poiblí, ná sé. I gcomparáid le 2005 (5) agus 2004 (2) ciallaíonn sé seo méadú i dtionóiscí marfacha. Mar sin féin, tá an líon seo cothrom le meán na dtionóiscí marfacha don deich mbliana 1997 – 2006.


**FIGIÚR 11** Tionóiscí marfacha, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM



Mhéadaigh líon na mbásanna ar bord san Eoraip ó 127 i 2005 go 147 i 2006, atá os cionn an meán don deich mbliana (105.3). I 2006 ba é 134 líon na mbásanna paisinéirí in oibríochtaí iompair poiblí, suas ó 4 i 2004 agus 117 i 2005. Freisin bhí líon na mbásanna paisinéirí os cionn an meán (91.4) don deich mbliana 1997 go 2006.

I 2005 agus 2006 araon, bhí líon ard na mbásanna mar thoradh ar thionóisc aonair le breis agus 100 bás (féach freisin Aguisín 3). Ar 9 July 2006, d'fhorthiomáin Airbus 310 de chuid Sibir Airlines, cláraithe sa bhFrainc, rúidbhealach agus é ag tuirlingt in Irkutsk, an Rúis, le 126 bas mar thoradh. Cé go raibh an t-aerárthach a bhí páirteach sa tionóisc seo cláraithe i mBallstát EASA, bhí sé á fheidhmiú ag cuideachta ó Bhallstát neamh-EASA.

**FIGIÚR 12** Básanna ar bord, iomlán na n-oibríochtaí poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM cláraithe i mBallstát EASA




Mar a bhí sa chuid eile den domhan, san Eoraip tarlaíonn formhór na dtionóiscí le linn céim an tuirlingte agus ascnaimh (43 faoin gcéad). I gcomparáid leis na sonraí curtha i láthair thuas, taispeántar go dtarlaíonn níos lú tionóiscí marfacha le linn an céim faoi bhealach agus cláraítear níos mó tionóiscí marfacha do chéimeanna eitilte eile, mar shampla nuair atá an aerárthach ar an talamh ag seasamh nó i mbun tacsaithe.

**FIGIÚR 13** Dáileadh na dtionóiscí marfacha thar céimeanna na heitilte, oibríochtaí iompair poiblí, 1997 – 2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM


**Aerárthach cláraithe i mBallstáit EASA**

43 % Ascnamh agus Tuirlingt

23 % Éirí

17 % Faoi bhealach

17 % Eile




**Aerárthach iasachta**

39 % Ascnamh agus Tuirlingt

30 % Faoi bhealach

22 % Éirí

9 % Eile



## 3.1.2 HÉILEACAPTAIR


Tá an t-eolas ar thionóiscí héileacaptair na n-oibríochtaí iompair poiblí don bhliain 2006 soláthartha sa chaibidil seo bunaithe ar shonraí faighte ó Bhallstáit an EASA (féach freisin paragraf 3.2) agus ICAO ADREP.

**TÁBLA 1** Oibríochtaí Iompair Poiblí na Héileacaptar – an bhliain 2006


| Bliain | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna ar bord |
|---|---|---|---|
| 2006 | 18 | 6 | 20 |

Bhí breis agus leath den 20 bás mar thoradh ar dhá thionóisc: mar thoradh ar thionóisc le héileacaptar oibríochtaí amach ón gcósta ar 27 Nollaig 2006 ag Bá Morecambe, An Ríocht Aontaithe bhí 7 mbás agus bhí an cliseadh d'eitilt farantóireachta i gcóngaracht Tenerife, Na hOileáin Chanáracha, mar thoradh ar 6 bhás ar 8 Iúil 2006.

**FIGIÚR 14** Tionóiscí agus tionóiscí marfacha de réir cineál na hoibríochtaí iompair poiblí, héileacaptar cláraithe i mBallstát EASA, 2006




**FIGIÚR 15** Dáileadh na héileacaptair bainteach in oibríochtaí iompair poiblí – tionóisc ag MTOM, héileacaptar cláraithe i mBallstát EASA, 2006



I roinnt mhaith cásanna tá an imscrúdú isteach i gcúiseanna na dtionóiscí den bhliain 2006 leanúnach go fóill. Mar sin ní féidir forbhreathnú a sholáthar 2006 de chúiseanna na tionóisce in oibríochtaí iompair poiblí na héileacaptair don bhliain 2006.

## 3.2 OIBRÍOCHTAÍ OIBRE GHINEARÁLTA EITLÍOCHTA AGUS AERGA

Le haghaidh aerárthaí éadroma, éagsúil ó aerárthaí os cionn 2,250 kg MTOM, níl aon riachtanas um fhógairt nó tuairisciú tionóisce chuig an ICAO. Dá bharr sin rinne EASA iarratas chuig Ballstáit an EASA chun sonraí tionóisce aerárthaí éadroma a sholáthar chuig an Gníomhaireacht. Tá an t-eolas sa pharagraf seo bunaithe ar na sonraí tionóisce faighte ó 30 Bhallstát an EASA comhcheangailte le sonraí ICAO ADREP.[5]

Áiríonn oibríochtaí Eitlíochta Ghinearálta[6] mar shampla eitiltí pléisiúir agus traenála. Is éard atá i gceist le hoibríochtaí oibre aerga ná oibríochtaí ina úsáidtear aerárthach le haghaidh seirbhísí speisialaithe ar nós talmhaíocht, tógáil, fótagrafaíocht, fógraíocht aerga agus comhrac dóiteáin.

Is é seo an chéad uair atá an Ghníomhaireacht tar éis sonraí tionóisce a bhailiú le haghaidh Eitlíocht Ghinearálta agus Obair Aerga. Tá sé i gceist ag an Ghníomhaireacht taifead stairiúil a fhorbairt thar am. Toisc nach bhfuil sonraí nochta ar fáil le haghaidh Obair Aerga nó Eitlíochta Ghinearálta, ní fhéadfaí comhaireamh na rátaí tionóisce a bhaint amach.

[5] Sholáthar gach tír seachas An Astráil na sonraí a bhí á lorg.

[6] Is éard atá i gceist le hoibríochtaí eitlíochta ghinearálta ná oibríochtaí eitlíochta seachas oibríocht aeriompair tráchtála nó oibríocht oibre aerga.


### 3.2.1 AERÁRTHAÍ SCIATHÁIN DHOBHOGTHA

Cuireann an caibidil seo sonraí tionóisce i láthair d’aerárthaí sciatháin dhobhogtha ar a bhfuil teastas-cineáil nó teastas aer-acmhainneachta tar éis a bheith eisithe bunaithe ar Rialachán (CE) 1592/2002.

**TÁBLA 2** Oibríochtaí sciatháin dhobhogtha um Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta – an bhliain 2006

| Bliain | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna ar bord |
|---|---|---|---|
| 2006 | 385 | 55 | 102 |

**FIGIÚR 16** Tionóiscí agus tionóiscí marfacha in aghaidh cineál na hoibríochta. Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta, an bhliain 2006




Mar atá léirithe i bh**FIGIÚR 16**, bhain formhór na dtionóiscí agus na dtionóiscí marfacha le heitiltí pléisiúir. Freisin tá líon na mbásanna ar an líon is airde (57) don chineál seo oibríochta.

### 3.2.2 HÉILEACAPTAIR

Soláthraíonn an paragraf seo sonraí ar thionóiscí héileacaptair aeriompair neamh-phoiblí don bhliain 2006. Sna hoibríochtaí a áirítear tá oibríochtaí héileacaptair Oibre Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta.


**TÁBLA 3** Oibríochtaí Héileacaptair um Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta – an bhliain 2006

| Bliain | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna Ar Bord |
|---|---|---|---|
| 2006 | 97 | 9 | 19 |

Bhí 9 dtionóisc i 2006 le 19 bás mar thoradh orthu.

Taispeánann na sonraí i bh**FIGIÚR 17** gur tharla formhór na dtionóiscí i 2006 le heitiltí pléisiúir eitlíochta ghinearálta.

**FIGIÚR 17** Tionóiscí agus tionóiscí marfacha in aghaidh cineál na hoibríochta, an bhliain 2006, héileacaptair, Ballstáit SREG EASA




I 2006 tharla nach mór 85 faoin gcéad de na tionóiscí le héileacaptair éadroma le MTOM de mhais 2,250 kg nó níos ísle.

**FIGIÚR 18** Dáileadh na dtionóisí ag MTOM, Ballstáit EASA, héileacaptair, 2006

85 % 0 go 2 250 Kg

14 % 2 251 go 5 700 Kg

1 % 5 701 go 27 000 Kg



### 3.2.3 FAOILEOIRÍ

Ina iomlán tharla 245 tionóisc le faoileoirí i 2006. Áiríonn sé seo faoileoirí agus faoileoirí mótair araon. D'áirigh an 31 tionóisc mharfach 41 bás.

**TÁBLA 4** Oibríochtaí faoileora um Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta – an bhliain 2006

| Bliain | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna Ar Bord |
|---|---|---|---|
| 2006 | 245 | 31 | 41 |

### 3.2.4 BALÚIN

Ina iomlán i 2006 tharla 15 tionóisc le balúin éadroma (0 – 2,250 kg). Ní raibh aon tionóiscí marfacha.

**TÁBLA 5** Iomlán na n-oibríochtaí balúin – an bhliain 2006

| Bliain | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna Ar Bord |
|---|---|---|---|
| 2006 | 15 | 0 | 0 |

### 3.2.5 AERÁRTHACH IARSCRÍBHINNE 2

Cuimsíonn an paragraf seo eolas ar aerárthaí Iarscríbhinne 2 mar a deirtear. Liostaíonn Iarscríbhinn 2 den Rialachán (CE) Uimh 1592/2002 catagóirí na n–aerárthaí nach gcaitear aon teastas-cineáil nó teastas aer-acmhainneachta a bheith eisithe dóibh ag EASA. I measc cinn eile áiríonn na catagóirí seo:

— aerárthaí le ábharthacht stairiúil soiléir;
— aerárthaí deartha nó modhnaithe ar mhaithe le cúinsí taighde, turgnamhach nó eolaíoch;
— aerárthaí tógtha go hamaitéarach;
— aerárthaí míleata;
— aerárthaí le luas teoranta agus MTOM teoranta.

**TÁBLA 6** Oibríochtaí aerárthaigh iarscríbhinne 2 um Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta – an bhliain 2006

| Cineál | Tionóiscí | Tionóiscí marfacha | Básanna Ar Bord |
|---|---|---|---|
| Mioneitleáin & Eitleáin Bheaga | 356 | 64 | 81 |
| Gíreitleáin | 5 | 1 | 1 |
| Paraisiúit[7] | 23 | 2 | 2 |

[7] Níl an 23 tionóisc le paraisiúit tar éis a bheith tuairiscithe ach ag aon Stát amháin, agus mar sin glactar leis nach bhfuil an líon sin ina ionadaíocht ar Bhallstáit an EASA.

# 4.0 CATAGÓIRÍ TIONÓISCE

## 4.1 TÁSCAIRÍ SÁBHÁILTEACHTA CAST-ICAO

Gach bliain ceapann Grúpa Staidéir Táscaire Sábháilteachta an ICAO (SISG) catagóirí tionóisce ar thionóiscí domhanda ag úsáid tacsanomaíocht forbartha ag an bhFoireann Tacsanomaíochta Coiteann CAST-ICAO. Tá an anailís bunaithe ar thionóiscí le haerárthaí sciatháin dhobhogtha, tuirbín – chumhachta le huas-mhais éirithe deimhnithe a théann thar 5,700 kg. Áirítear Oibríochtaí Iompair Poiblí agus oibríochtaí Eitlíochta Ghinearálta, ach eisiatar aer-thaispeántais, eitiltí taispeána, eitilt trialach agus eitiltí mídhleathacha.

Tá an SISG tar éis tionóiscí chuig an catagóir seo aerárthaigh a rangú ó 1997 ar aghaidh. Is féidir níos mó ná catagóir amháin a cheapadh ar thionóisc.


Taispeánann na Figiúirí sa pharagraf seo na torthaí le haghaidh tionóiscí le haerárthaí cláraithe san Eoraip agus sa chuid eile den domhan. Tá na Figiúirí bunaithe ar iomlán de 1,701 tionóisc agus 499 tionóisc mharfach ar fud an domhain.

Tá an trí chatagóir tionóisce ar bharr an liosta mar an gcéanna don Eoraip agus an cuid eile den domhan, ach tá éagsúlacht san ord.


**FIGIÚR 19** Catagóirí tionóisce – tionóiscí le haerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg

**Líon na dTionóiscí**

| | | |
|---|---|---|
| **ARC:** | Teagmháil rúidbhealaigh ainspiata | 72 |
| **SCF-NP:** | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte | 59 |
| **RE:** | Turas Rúidbhealaigh | 42 |
| **RAMP:** | Láimhseáil Talún | 28 |
| **TURB:** | Teagmháil suaiteachta | 22 |
| **GCOL:** | Imbhualadh talún | 22 |
| **SCF-PP:** | Mífheidhm nó teip gléasra cumhachta | 18 |
| **LOC-I:** | Caillteanas smachta – san eitilt | 17 |
| **LOC-G:** | Caillteanas smachta – talamh | 16 |
| **F-POST:** | Tine/deatach (iarthuinseamhach) | 16 |
| **CFIT:** | Eitilt Rialaithe isteach i nó i dtreo tír-raon | 16 |
| **WSTRW:** | Fiar ghaoithe nó stoirm thoirní. | 12 |
| **ADRM:** | Aeradróm | 12 |
| **USOS:** | Fophléascadh/taraimsiú | 9 |
| **OTHR:** | Eile | 9 |
| **F-NI:** | Tine/deatach (neamhthuinseamhach) | 9 |
| **ATM:** | ATM/CNS | 9 |
| **EVAC:** | Aslonnú | 8 |
| **UNK:** | Anaithnid nó neamhchinntithe | 5 |
| **ICE:** | Oighriú | 5 |
| **AMAN:** | Ionramháil Giorraisc | 5 |
| **SEC:** | Cúrsaí Slándála | 3 |
| **MAC:** | AIRPROX/neastimpiste/imbualadh san aer | 3 |
| **RI-VAP:** | Ionradh Rúidbhealaigh – feithicil a/á nó duine | 2 |
| **FUEL:** | Breosla coibhneasaigh | 2 |
| **CÁBÁN:** | Eachtraí Sábháilteachta Cabáin | 2 |
| **RI-A:** | Ionradh rúidbhealaigh- ainmhí | 1 |



**FIGIÚR 20** Catagóirí tionóisce – tionóiscí le haerárthaí iasachta, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg




Nuair atáthar ag féachaint ar thionóiscí marfacha amháin, an dá chatagóir tionóisce is minice ná ‘caillteanas smachta san eitilt’ agus ‘eitilt rialaithe isteach i dtír-raon’. Freisin déanann siad suas formhór na mbásanna ar fud an domhain.

**FIGIÚR 21** Catagóirí tionóisce – tionóiscí marfacha le haerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg

**Líon na dTionóiscí**

| | | |
|---|---|---|
| **LOC-I:** | Caillteanas smachta – san eitilt | 12 |
| **CFIT:** | Eitilt Rialaithe isteach i nó i dtreo tír-raon | 11 |
| **F-POST:** | Tine/deatach (iarthuinseamhach) | 10 |
| **SCF-PP:** | Mífheidhm nó teip gléasra cumhachta | 10 |
| **SCF-NP:** | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte | 6 |
| **RAMP:** | Láimhseáil Talún | 5 |
| **RE:** | Turas Rúidbhealaigh | 5 |
| **ATM:** | ATM/CNS | 4 |
| **ADRM:** | Aeradróm | 3 |
| **ARC:** | Teagmháil rúidbhealaigh ainspiata | 3 |
| **ICE:** | Oighriú | 3 |
| **F-NI:** | Tine/deatach (neamhthuinseamhach) | 3 |
| **OTHR:** | Eile | 3 |
| **USOS:** | Fophléascadh/taraimsiú | 2 |
| **RI-VAP:** | Ionradh Rúidbhealaigh – feithicil a/á nó duine | 2 |
| **EVAC:** | Aslonnú | 2 |
| **CÁBÁN:** | Eachtraí Sábháilteachta Cabáin | 1 |
| **LOC-G:** | Caillteanas smachta – talamh | 1 |
| **SEC:** | Cúrsaí Slándála | 1 |
| **MAC:** | AIRPROX/neastimpiste/imbualadh san aer | 1 |

**FIGIÚR 22** Catagóirí tionóisce – tionóiscí marfacha le haerárthaí iasachta, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg


**Líon na dTionóiscí**

| | | |
|---|---|---|
| **LOC-I:** | Caillteanas smachta – san eitilt | 87 |
| **CFIT:** | Eitilt Rialaithe isteach i nó i dtreo tír-raon | 80 |
| **F-POST:** | Tine/deatach (iarthuinseamhach) | 57 |
| **UNK:** | Anaithnid nó neamhchinntithe | 43 |
| **SCF-PP:** | Mífheidhm nó teip gléasra cumhachta | 36 |
| **RE:** | Turas Rúidbhealaigh | 35 |
| **SCF-NP:** | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte | 34 |
| **SEC:** | Cúrsaí Slándála | 23 |
| **RAMP:** | Láimhseáil Talún | 22 |
| **ARC:** | Teagmháil rúidbhealaigh ainspiata | 16 |
| **WSTRW:** | Fiar ghaoithe nó stoirm thoirní. | 13 |
| **FUEL:** | Breosla coibhneasaigh | 12 |
| **ATM:** | ATM/CNS | 9 |
| **ICE:** | Oighriú | 9 |
| **ADRM:** | Aeradróm | 7 |
| **USOS:** | Fophléascadh/taraimsiú | 7 |
| **LOC-G:** | Caillteanas smachta – talamh | 7 |
| **EVAC:** | Aslonnú | 7 |
| **OTHR:** | Eile | 6 |
| **RI-VAP:** | Ionradh Rúidbhealaigh – feithicil a/á nó duine | 5 |
| **CÁBÁN:** | Eachtraí Sábháilteachta Cabáin | 4 |
| **LALT:** | Oibríochtaí Airde Bheag | 4 |
| **F-NI:** | Tine/deatach (neamhthuinseamhach) | 4 |
| **MAC:** | AIRPROX/neastimpiste/imbualadh san aer | 4 |
| **TURB:** | Teagmháil suaiteachta | 3 |
| **AMAN:** | Ionramháil Giorraisc | 2 |
| **GCOL:** | Imbhualadh talún | 1 |

D’aerárthaí cláraithe sa Eoraip na catagóirí is treise maidir le líon na mbásanna na ‘teip córais agus comhpháirte nó mífheidhm neamh-ghléasra cumhachta’ agus ‘tine – neamhthuinseamhach’ (féach Figiúr 23). Toisc nach dtarlaíonn ach méid beag tionóiscí le líon mór básanna le haerárthaí cláraithe san Eoraip, is féidir le tionóisc aonair tionchar a bheith aici ar ord na gcatagóirí. Tá líon mór na mbásanna i leith an catagóir de thinte neamhthuinseamhach mar thoradh ar dhá thionóisc: Swissair MD-11 (1998) agus Air France Concorde (2000). Freisin déanann an dá thionóisc suas nach mór gach ceann de na tionóiscí sa chatagóir SCF-NP.

Tá an catagóir teagmhais ‘aeradróm’ sa cheathrú háit, líon na mbásanna go príomha mar thoradh ar dhá thionóisc ollmhór: SAS MD80 (2001) san Iodáil agus Air France Concorde (2000) sa bhFrainc. Tá ‘eitilt rialaithe isteach i dtír-raon’ agus ‘caillteanas smachta san eitilt’ ionadaithe le 137 agus 162 bás faoi seach.


**FIGIÚR 23** Básanna in aghaidh an chatagóir, aerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg



**FIGIÚR 24** Básanna in aghaidh catagóir tionóisce, aerárthach iasachta, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg

**Líon na mbásanna**

| | | |
|---|---|---|
| **CFIT:** | Eitilt Rialaithe isteach i nó i dtreo tír-raon | **2763** |
| **LOC-I:** | Caillteanas smachta – san eitilt | **2573** |
| **F-POST:** | Tine/deatach (iarthuinseamhach) | **1904** |
| **SCF-NP:** | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte | **1195** |
| **ATM:** | ATM/CNS | **1085** |
| **UNK:** | Anaithnid nó neamhchinntithe | **1072** |
| **SEC:** | Cúrsaí Slándála | **993** |
| **SCF-PP:** | Mífheidhm nó teip gléasra cumhachta | **664** |
| **WSTRW:** | Fiar ghaoithe nó stoirm thoirní. | **386** |
| **RE:** | Turas Rúidbhealaigh | **362** |
| **TURB:** | Teagmháil suaiteachta | **263** |
| **ADRM:** | Aeradróm | **241** |
| **MAC:** | AIRPROX/neastimpiste/imbualadh san aer | **231** |
| **RAMP:** | Láimhseáil Talún | **225** |
| **USOS:** | Fophléascadh/taraimsiú | **198** |
| **FUEL:** | Breosla coibhneasaigh | **139** |
| **ARC:** | Teagmháil rúidbhealaigh ainspiata | **115** |
| **ICE:** | Oighriú | **113** |
| **OTHR:** | Eile | **83** |
| **GCOL:** | Imbhualadh talún | **83** |
| **LOC-G:** | Caillteanas smachta – talamh | **36** |
| **EVAC:** | Aslonnú | **30** |
| **F-NI:** | Tine/deatach (neamhthuinseamhach) | **27** |
| **LALT:** | Oibríochtaí Airde Bheag | **8** |
| **CÁBÁN:** | Eachtraí Sábháilteachta Cabáin | **4** |
| **AMAN:** | Ionramháil Giorraisc | **4** |
| **RI-VAP:** | Ionradh Rúidbhealaigh – feithicil a/á nó duine | **3** |
| **RI-A:** | Ionradh rúidbhealaigh- ainmhí | **0** |




## 4.2 TÁSCAIRÍ SÁBHÁILTEACHTA AERIOMPAIR POIBLÍ

Sa bhreis ar na catagóirí tionóisce ceaptha CAST-ICAO leagtha amach i gcaibidil 4.1, ceapadh catagóirí tionóisce d’aerárthaí le huas-mhais éirithe deimhnithe idir 2,250 agus 5,700 kg.

Tá na rátaí tionóisce seo a leanas bunaithe ar shonraí gnóthaithe ón gcóras ICAO ADREP agus sonraí nochta/gluaiseachta soláthartha ag Biúró Aeriompair an ICAO. Nuair a bhí an t-athbhreithniú seo á chur le chéile, ní raibh sonraí na bliana 2006 ar fáil go fóill agus mar sin bhí sé riachtanach an t-athbhreithniú a theorannú chuig na bliana 2000 – 2005 (cé go rinneadh measúnú le haghaidh 2006, féach thíos le do thoil). Sa bhreis ar sin, ní raibh ach sonraí comhbhailithe do stáit uile na hEorpa, .i. áiríonn na comhairimh rátaí tionóisce freisin de chuid stáit na hEorpa nach baill iad de chuid nó nach bhfuil bainteach le EASA.


**FIGIÚR 25** Ráta na dtionóiscí marfacha, aerárthaí cláraithe san Eoraip, 2000 – 2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, oibríochtaí iompair poiblí




Tá an ráta taispeánta i bh**FIGIÚR 25** bunaithe ar líon na dtionóiscí marfacha uile cláraithe san Eoraip, is cuma faoina gcúiseanna. Tá an luach le haghaidh 2006 tar éis a bheith measúnaithe bunaithe ar mheasúnú do líon na n-eitiltí agus ag úsáid líon iarbhír na dtionóiscí marfacha. Tá an titim sa ráta ó 2005 go 2006 ann go príomha mar thoradh ar líon laghdaithe na dtionóiscí a thit ó 10 i 2005 go 6 i 2006.

Taispeánann **FIGIÚR 26** minicíocht coibhneasta na dtrí catagóirí tionóisce is suntasaí de tionóiscí marfacha a bhain le aerárthaí cláraithe san Eoraip.


**FIGIÚR 26** Na catagóirí tionóisce is suntasaí, Aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí, tionóiscí marfacha, 2000 – 2006




CFIT: Eitilt Rialaithe Isteach i dTír-Raon
LOC-I: Caillteanas Smachta san Eitilt
TECH: Tionóiscí a bhaineann le haerárthaí/córais aerárthaigh nó teip innill aerárthaigh

**Eitilt Rialaithe Isteach i dTír-Raon (CFIT)**


**FIGIÚR 27** CFIT: Líon na dtionóiscí marfacha 2000 – 2006, aerárthaí sciatháin dhobhogtha 2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí



Tá an titim beag sa rátaí nuair atáthar ag comparáid na blianta 2003 agus 2005 agus an ráta measúnaithe le haghaidh 2006 mar thoradh ar mhéadú i dtrácht cé gur fhan líon na dtionóiscí i leith 'eitilt rialaithe isteach i dtír-raon' mar an gcéanna (2).

**Caillteanas Smachta san Eitilt (LOC-I)**


**FIGIÚR 28** LOC-I: Líon na dtionóiscí marfacha 2000 – 2006, aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí




Cé gur éagsúlaigh líon na dtionóiscí i leith an catagóir 'caillteanas smachta san eitilt', tá meán ráta na dtionóiscí marfacha a bhaineann le 'caillteanas smachta san eitilt' tar éis a bheith seasmhach sa chúig bliana deireanach ag thart ar 0.27 tionóisc in aghaidh gach milliún eitilt.

**Tionóiscí a bhaineann le haerárthaí/córais aerárthaigh nó teip innill aerárthaigh (TECH)**[8]

**FIGIÚR 29** TECH: Ráta na dtionóiscí 2000 – 2006, aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí




Mar thoradh ar líon seasmhach na dtionóiscí marfacha sa chatagóir seo, tá an ráta tionóisce marfach tar éis a bheith seasmhach sa chúig bliana deireanach. Tá an titim beag gur féidir a fheiceáil ó 2002 ar aghaidh ann mar thoradh ar an méadú i líon na n-eitiltí fad a fhan líon na dtionóiscí coibhneasaigh leanúnach (2 in aghaidh na bliana).

**CONCLÚID**

Taispeánann na sonraí go bhfuil leibhéal na sábháilteachta de chuid eitlíocht na hEorpa ard go maith agus go bhfuil treocht ann chun leanúint ar aghaidh ag f eabhsú. Mar sin féin tá ábhair imní ann: tá rátaí feabhsaithe níos ísle ná an cuid eile den domhan, tá líon íseal dianseasmhach de thionóiscí agus tá roinnt catagóirí tionóisce smachtaithe nach mór go heisiach ag tionóiscí de chuid aerárthaí na hEorpa.

Sa bhreis ar na básanna in oibríochtaí iompair poiblí, bhí nach mór an líon céanna daoine gortaithe go marfach i dtionóiscí a bhain le hEitlíocht Ghinearálta na hEorpa.

Tá gá le hiarracht Eorpach comhordaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

[8] Tabhair faoi deara: Ar mhaithe leis an anailís seo, comhcheanglaíodh sonraí tionóisce do na catagóirí tionóisce “SCF-NP” (Teip córais/comhpháirte, neamh-ghléasra cumhachta) agus “SCF-PP” (Teip córais/comhpháirte, gléasra cumhachta).

# 5.0 GNÍOMHAÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA EASA

## 5.1 TIONSCNAMH SÁBHÁILTEACHTA STRAITÉISEACH NA HEORPA (ESSI)

Sheol EASA Tionscnamh Sábháilteachta Straitéiseach na hEorpa (ESSI) in Aibreán 2006 mar chomharba ar an gComh-Thionscnamh Sábháilteachta Eitlíochta (JSSI) de chuid na Comhúdaráis Eitlíochta (JAA). Tionóladh cruinniú bunaidh an ESSI ar 27 Aibreán 2006, agus baineadh amach an aistriú JSSI-ESSI ar 28 Meitheamh 2006.

Is comhpháirtíocht sábháilteachta eitlíochta san Eoraip é ESSI. A chuspóir ná feabhsú breise a dhéanamh ar shábháilteacht san Eoraip agus do shaoránaigh Eorpacha ar fud an domhain i 2007 – 2017, trí anailís ar shonraí sábháilteachta, comhordú le tionscnaimh sábháilteachta ar fud an domhain, agus forfheidhmiú na bpleananna gníomhaíochta costas éifeachtach.

Tá an ESSI tar éis athchóiriú agus athbheochan a dhéanamh ar iarrachtaí sábháilteachta comhoibrithe san Eoraip le cuspóir nua,cur chuige comhpháirtíochta tionscail-rialtóra agus próiseas nua. I gcomhar lena oidhreacht JSSI, déanfaidh an ESSI cothabháil agus forbairt breise ar chomhoibriú leis an bhFoireann Sábháilteachta Eitlíochta Tráchtála (CAST) sna Stáit Aontaithe agus le tionscnaimh sábháilteachta móra eile ar fud an domhain, go háirithe faoin gClár Forbartha Comhoibrithe de Shábháilteacht Oibríochta agus Leanúnachas Aer Acmhainneacht (COSCAP) de chuid Clár Comhoibrithe Teicniúil an ICAO.

Téann an ESSI isteach go nádúrtha laistigh den Léarscáil Bóithre Sábháilteachta Eitlíochta Domhanda a forbair an Grúpa Straitéise Sábháilteachta Tionscail i 2006 don ICAO faoi stiúir an Chumainn Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA). Mar atá spreagtha ag an léarscáil bóithre, soláthraíonn ESSI meicníocht le haghaidh tionscnaimh sábháilteachta a chomhordú laistigh den Eoraip agus idir an Eoraip agus an cuid eile den domhan, ag lorg ailíniú domhanda agus íoslaghdú ar dhúbailt na n-iarrachtaí trasna na geallshealbhóirí.

Tá rannpháirtithe ESSI tarraingthe ó Bhallstáit EASA (27 Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh móide an Eilvéis, Lichtinstéin, an Íoslainn agus an Iorua) agus Stáit an JAA, ó dhéantóirí, oibreoirí agus cumainn proifisiúnta, eagraíochtaí taighde, an tÚdarás Feidearálach Eitlíochta (FAA) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós EUROCONTROL agus ICAO. Tá breis agus seachtó eagraíocht sibhialta agus míleata ag glacadh páirt go dtí seo.

Tá ESSI ina chomhpháirtíochta idir EASA, rialtóirí Eorpacha eile agus an tionscal. Cosúil le CAST, tá an ESSI bunaithe ar an bprionsabal gur féidir le tionscal comhlánú a dhéanamh ar ghníomhaíocht rialála trí ghealltanas deonach a thabhairt d’fheabhsú sábháilteachta costas éifeachtach. Tá an chomhpháirtíocht séalaithe ag síniú gealltáin, trína thugann eagraíochtaí gealltanas chun a bheith ina bpáirtithe

cothroma laistigh den ESSI, soláthraítear acmhainní réasúnacha chun a chinntiú go bhfuil an ESSI éifeachtach, agus dul i mbun gníomhaíochtaí réasúnacha mar thoradh ar mholtaí, treoir agus réiteach ab ESSI. Chun an chomhpháirtíocht seo a dhaingniú sonraíonn téarmaí tagartha an ESSI go mbeidh gach foireann de chuid an ESSI faoi chomh-chathaoirleach ag rialtóir agus ball tionscail.

Tá an ESSI ina thionscnamh sonraí-thiomáinte agus sprioc bhunaithe, um bhainistiú agus measúnú riosca. Déanfaidh sé anailísiú ar shonraí sábháilteachta chun fachtóirí a dhearbhú atá mar chúis le nó atá ag cur le tionóiscí nó teagmhais agus rioscaí sábháilteachta a aithint. Bainfidh sé leas as tionscnaimh sábháilteachta eile chun dúbailt na bhfoinsí a sheachaint agus sineirge a uasmhéadú. Freisin bainfidh sé amach staidéar prognóiseacha chun guaiseacha poitéinseal na todhchaí a dhearbhú. Déanfaidh an ESSI sainmhíniú ar bhunlínte sábháilteachta, cuspóirí sábháilteachta a bhunú agus a fhoilsiú agus poitéinseal a chothromú le haghaidh laghdú riosca le costais. Déanfaidh sé forbairt ar phleananna gníomhaíochta agus acmhainní a dháileadh chun na spriocanna seo a bhaint amach, agus torthaí a sholáthar chuig an tionscal eitlíochta saor in aisce.

Déanann an ESSI prionsabail bainistíochta sábháilteachta a fheidhmiú agus a chur chun cinn, feidhmítear cur chuige “cultúr cóir”, déileáiltear le sonraí sábháilteachta uile agus foinse na sonraí sábháilteachta i mbealach rúnda, agus déantar sonraí agus eolas dílsithe a chosaint.

Tá trí chrann taca ag an ESSI: Foireann Sábháilteachta Eitlíochta Tráchtála na hEorpa (ECAST), Foireann Sábháilteachta Héileacaptair na hEorpa (EHEST), agus Foireann Sábháilteachta Eitlíochta Ghinearálta na hEorpa (EGAST). Áiríonn an ghníomhaíocht héileacaptair oibríochtaí tráchtála agus héileacaptair ginearálta.

### 5.1.1 FOIREANN SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA TRÁCHTÁLA NA HEORPA (ECAST)

Téann ECAST i ngleic le hoibríochtaí aerárthaí móra. Rinne an fhoireann a chruthaigh an ESSI é a sheoladh i Deireadh Fómhair 2006. Tá ECAST san Eoraip mar atá CAST sna Stáit Aontaithe. Díríonn ECAST ar shábháilteacht eitlíochta na hEorpa a fheabhsú níos mó do shaoránaigh Eorpacha ar fud an domhain.

Tá ECAST ag forbairt obair shábháilteachta nua ag úsáid próiseas trí chéim: Céim 1 – Aithint agus roghnú na saincheisteanna sábháilteachta, Céim 2 – Anailís na saincheisteanna sábháilteachta, agus Céim 3 – Forbairt, forfheidhmiú agus monatóireacht na bpleananna gníomhaíochta. I gcéim 1, ginfidh ECAST liosta de shaincheisteanna sábháilteachta a chuireann an pobal Eorpach i mbaol agus a d’fheadfadh a bheith in ábhair oiriúnacha de ghníomhaíocht maolaithe. Cuirfear an

liosta seo ar fáil le haghaidh anailís breise, rud atá mar chuspóir de chuid Céim 2. Le haghaidh gach saincheist sábháilteachta déanfaidh ECAST forbairt, measúnú, roghnú, forfheidhmiú agus monatóireacht ar phleananna gníomhaíochta costas-éifeachtach i gCéim 3. Ag úsáid méadrach feidhmíochta sábháilteachta sainmhínithe i gCéim 2, déanfaidh ECAST monatóireacht ar éifeachtúlacht na bpleananna gníomhaíochta chun na cuspóirí sábháilteachta sonraithe a bhaint amach, agus gníomhaíochtaí ceartaitheach a thógáil más gá. Tá an obair ar Chéim 1 tar éis tosú in Aibreán 2006 agus táthar ag súil leis na céad thorthaí i 2007.

Freisin déanann ECAST monatóireacht san Eoraip ar chomhlíonadh na bpleananna gníomhaíochta faighte ón JSSI. Bhí na pleananna seo oiriúnaithe ó obair CAST ag an JSSI. Téann siad i ngleic le laghdú na rioscaí de thionóiscí ‘eitilt rialaithe isteach i dtír-raon’, ‘caillteanas smachta’ agus ‘ascnamh agus tuirlingt’ san Eoraip.

Baineann dhá phróiseas breise de chuid ECAST le cumarsáid agus comhordú le tionscnaimh sábháilteachta eile san Eoraip agus ar fud an domhain.

### 5.1.2 FOIREANN SÁBHÁILTEACHT HÉILEACAPTAIR NA HEORPA (EHEST)

Tá EHEST ar an dara chrann taca de chuid ESSI. Baineann sé le hionadaithe de dhéantóirí, oibreoirí, eagraíochtaí taighde, rialtóirí, imscrúdaitheoirí tionóisce agus lucht míleata ó ar fud na hEorpa.

Freisin tá EHEST mar an chomhpháirt Eorpach den bhFoireann Sábháilteachta Héileacaptair Idirnáisiúnta (IHST). Bunaíodh an IHST sna Stáit Aontaithe i 2006 leis an sprioc de laghdú 80 faoin gcéad den ráta tionóisce a bhaint amach faoi 2016. Chun dul i ngleic le sainiúlacht sábháilteachta na n-oibríochtaí héileacaptair san Eoraip, tá EHEST bunaithe ag baill Eorpacha an IHST i Samhain 2006.

Bunaíodh Foireann Anailíse Sábháilteachta Héileacaptair na hEorpa (EHSAT) leis an gcuspóir chun próiseas a fhorbairt le haghaidh anailís na dtionóiscí héileacaptair Eorpacha agus feidhmíocht na hanailíse, cosúil le feidhm an Chomh-Fhoireann Sábháilteachta Héileacaptair (JHSAT) laistigh den IHST. Tá EHSAT tiomanta do cinntiú go mbeidh an anailís bainte amach san Eoraip comhoiriúnach le hobair de chuid an JHSAT.

Chun tabhairt faoi an éagsúlacht teangacha a úsáidtear in dtuarascálacha tionóisce agus optamú a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní, tá EHSAT tar éis seacht bhfoireann anailíse réigiúnach ar fud na hEorpa,leis an gcuspóir de níos mó ná 89 faoin gcéad den chabhlach Eorpach a chlúdach i 2007. Déanann EHSAT le tacaíocht ó EASE comhdhlúthú ar thorthaí.

### 5.1.3 FOIREANN SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA GHINEARÁLTA NA HEORPA (EGAST)

Is é EGAST an tríú crann taca de chuid ESSI, le bheith seolta go déanach i 2007.

San Eoraip, cosúil le réigiúin eile an domhain, is pobal scaipthe í Eitlíocht Ghinearálta. Glacann spóirt aeir agus eitlíocht áineasa speictream leathan de ghníomhaíochtaí ar eitilt, ag réimsiú ó eitilt chumhachta, balúnú agus faoileoireacht go gníomhaíochtaí nua-bhunaithe ar nós aer-scimeáil, eitilt mhioneitleáin agus parafaoileoireacht.

Tógfaidh EGAST aird ar na hábhair rialála nua forbartha ag EASA le haghaidh eitlíocht ghinearálta. Is dúshlán é rannpháirtíocht agus sonraí sábháilteachta eitlíochta ghinearálta a fháil ón phobal eitlíochta ghinearálta. Déanfaidh EGAST forbairt ar na tionscnaimh eitlíochta ghinearálta náisiúnta san Eoraip agus cruthófar fóram le haghaidh sonraí sábháilteachta agus deachleachtas san Eoraip a roinnt.

### 5.2 DÉANAMH NA RIALACH

Mar fhreagra ar an dtaithí tionóisce, tá EASA ag oibriú ar fheabhsú an ábhair rialála coibhneasaigh ina chuid gníomhaíochtaí déanamh na rialach. Is féidir teacht ar shonraí ag:
**HTTP://WWW.EASA.EUROPA.EU/HOME/RM_APP_EN.HTML.**

### 5.3 DEIMHNIÚ

Freisin tógann EASA gníomhaíochtaí sainiúla mar fhreagra ar an taithí tionóisce. Téann an Ghníomhaireacht i ngleic le feabhsú na gcóras oibríochta maidir leis na catagóirí tionóisce ag gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear eisiúint na dtreoracha aer-acmhainneachta. Is féidir teacht ar shonraí ag:
**HTTP://WWW.EASA.EUROPA.EU/HOME/AW_DIR_EN.HTML.**

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1: SAINMHÍNIÚCHÁIN AGUS ACRAINMNEACHA

| | |
|---|---|
| ADREP | Tuairisciú Sonraí Tionóisce/Teagmhais an ICAO |
| Aerárthach éadrom | Aerárthach le huas-mhais éirithe deimhnithe atá faoi bhun 2,251 kg. |
| Aerárthach Iasachta | Aerárthaí uile nach bhfuil cláraithe i gceann de Bhallstáit EASA |
| Aersheirbhís Sceidealta | Aersheirbhís oscailte d'úsáid an phobail ghinearálta agus feidhmithe de réir tráthchlár foilsithe nó lena leithéid de mhinicíocht go gcomhdhéanann sé sraith sistéimeach aitheanta go héasca d'eitiltí ata ar fáil le haghaidh forchoimeád díreach ag baill an phobail. |
| CE | An Coimisiún Eorpach |
| EASA | Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa |
| ICAO | Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta |
| MTOM | Uas-mhais éirithe deimhnithe |
| Obair Aerga | Oibríocht aerárthaigh ina úsáidtear aerárthach le haghaidh seirbhísí speisialaithe ar nós talmhaíocht, tógáil, fótagrafaíocht, suirbhéireacht, breathnú agus patról, cuardach agus tarrtháil, fógraíocht aerga, s.rl. |
| Oibríochtaí Eitlíochta Ghinearálta | Oibríocht aerárthaigh seachas oibríocht aeriompair tráchtála nó oibríocht oibre aerga |
| Oibríochtaí Iompair Poiblí | Oibríocht aerárthaigh a bhaineann le hiompar paisinéirí, lastas nó post le haghaidh aoisliúntas nó fruiliú. |
| SISG | Grúpa Staidéir Táscaire Sábháilteachta an ICAO |
| Tionóisc[9] | Teagmhas bainteach le feidhmiú aerárthaigh a thiteann amach idir an t-am ina dtéann aon duine ar bord an aerárthaigh le heitilt ar intinn go dtí a leithéid d'am ina bhfuil gach duine dá leithéid tar éis an aerárthach a fhágáil, ina bhfuil:<br>a) duine gortaithe go marfach nó go tromchúiseach mar thoradh ar:<br>— bheith san aerárthach, nó<br>— teagmháil díreach le haon pháirt den aerárthach, lena n-áirítear páirteanna atá tar éis éirí scaoilte ón aerárthach, nó<br>— nochtadh díreach chuig séideán scairde, ach amháin nuair atá gortú mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha, féin-déanta nó déanta ag daoine eile, nó nuair a tharlaíonn gortú d'fholachánaithe i bhfolach lasmuigh d'áiteanna ar fail de ghnáth do phaisinéirí agus criú; nó<br>b) damáiste nó teip struchtúrtha tar éis titim amach don aerárthach:<br>— le tionchar neamhfhabhrach ar láidreacht struchtúrtha, feidhmiú nó tréithe eitilte an aerárthaigh, agus<br>— ina mbeadh deisiú ollmhór nó ionadaíocht den chuid cámasach de dhíth de ghnáth, ach amháin le haghaidh damáiste nó teip innill, nuair atá an damáiste teoranta chuig an inneall, a chuid cochall nó gabhálais; nó le haghaidh damáiste teoranta chuig liáin, barr sciatháin, aintéiní, antennas, boinn, coscáin, féiríní, claigeanna beaga nó poill i gcraiceann an aerárthaigh; nó<br>c) an t-aerárthach in easnamh nó doshroichte go hiomlán. |
| Tionóisc mharfach | Tionóisc le toradh de ar a laghad bás amháin, criú eitilte agus/nó paisinéir nó ar an talamh, laistigh de 30 lá ón tionóisc. |

9 Úsáideann EASA sainmhíniúchain ICAO do na téarmaí "Tionóisc" agus "Tionóisc mharfach" (féach Iarscríbhinn 13 an ICAO, Caibidil 1 – Sainmhíniúcháin)

## GIORRÚCHÁIN NA GCATAGÓIRÍ TEAGMHAIS

le haghaidh sonraí níos iomláine féach
**HTTP://INTLAVIATIONSTANDARDS.ORG/OCCURRENCECATEGORIES.HTML**

| | |
|---|---|
| ARC | Teagmháil Rúidbhealaigh Ainspianta |
| AMAN | Ionramháil Giorraisc |
| ADRM | Aeradróm |
| ATM | ATM/CNS |
| CÁBÁN | Eachtraí Sábháilteachta Cábáin |
| CFIT | Eitilt Rialaithe isteach i nó i dTreo Tír-Raon |
| EVAC | Aslonnú |
| F-NI | Tine/Deatach (Neamhthuinseamhach) |
| F-POST | Tine/Deatach (Iarthuinseamhach) |
| FUEL | Breosla Coibhneasaigh |
| GCOL | Imbhualadh Talún |
| RAMP | Láimhseáil Talún |
| ICE | Oighriú |
| LOC-G | Caillteanas Smachta – Talún |
| LOC-I | Caillteanas Smachta – San Eitilt |
| LALT | Oibríochtaí Airde Bheag |
| MAC | Airprox / Foláireamh TCAS / Caillteanas Scartha / Neas Imbhuailtí san Aer / Imbhualadh san Aer |
| OTHR | Eile |
| RE | Turas Rúidbhealaigh |
| RI-A | Ionradh Rúidbhealaigh – Ainmhí |
| RI-VAP | Ionradh Rúidbhealaigh – Feithicil, Aerárthach nó Duine |
| SEC | Cúrsaí Slándála |
| SCF-NP | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte (Neamh Ghléasra Cumhachta) |
| SCF-PP | Mífheidhm nó Teip Córais/Comhpháirte (Gléasra Cumhachta) |
| TURB | Teagmháil Suaiteachta |
| USOS | Fophléascadh/Taraimsiú |
| UNK | Anaithnid nó Neamhchinntithe |
| WSTRW | Fiar Gaoithe nó Stoirm Thoirní |

## AGUISÍN 2: LIOSTA NA BHFIGIÚIRÍ


| | |
|---|---|
| Figiúr 1 | Básanna paisinéirí in aghaidh 100 milliún de mhílte paisinéara, oibríochtaí iompair poiblí sceidealta, ag eisiamh gníomhartha idirghabhála aindílis |
| Figiúr 2 | Ráta na dtionóiscí ag baint le básanna paisinéirí in aghaidh 100,000 eitilt, oibríochtaí sceidealta, ag eisiamh gníomhartha idirghabhála aindílis |
| Figiúr 3 | Tionóiscí marfacha, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 4 | Tionóiscí marfacha, oibríochtaí iompair poiblí paisinéara, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 5 | Tionóiscí marfacha, oibríochtaí iompair poiblí lastais, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 6 | Básanna ar bord, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 7 | Dáileadh na dtionóiscí marfacha thar céimeanna na heitilte, oibríochtaí iompair poiblí domhanda, 1997 – 2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |

| | |
|---|---|
| Figiúr 8 | Dáileadh cabhlaigh aeriompair tráchtála de réir cineál na gluaiseachta, stáit conarthachta ICAO, 1996 – 2005, mais aerárthaigh níos mó ná 9,000 kg MTOM |
| Figiúr 9 | Dáileadh réigiúnda de líon na n-eitiltí, oibríochtaí sceidealta agus neamh-sceidealta, 2000 – 2005 |
| Figiúr 10 | Ráta na dtionóiscí marfacha don treimhse, 2000 – 2005, oibríochtaí sceidealta agus neamh-sceidealta |
| Figiúr 11 | Tionóiscí marfacha, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 12 | Básanna ar bord, iomlán na n-oibríochtaí iompair poiblí, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM, cláraithe i mBallstát EASA |
| Figiúr 13 | Dáileadh na dtionóiscí marfacha thar céimeanna na heitilte, oibríochtaí iompair poiblí, 1997 – 2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM |
| Figiúr 14 | Tionóiscí agus tionóiscí marfacha de réir cineál na hoibríochtaí iompair poiblí, héileacaptair cláraithe i mBallstát EASA, 2006 |
| Figiúr 15 | Dáileadh na héileacaptar bainteach in oibríochtaí iompair poiblí – tionóiscí ag MTOM, héileacaptar cláraithe i mBallstát EASA, 2006 |
| Figiúr 16 | Tionóiscí agus tionóiscí marfacha in aghaidh cineál na hoibríochta, Obair Aerga agus Eitlíochta Ghinearálta, an bhliain 2006 |
| Figiúr 17 | Tionóiscí agus tionóiscí marfacha de réir cineál na hoibríochta, yan bhliain 2006, héiliceaptair, Ballstáit SREG EASA |
| Figiúr 18 | Dáileadh na dtionóiscí ag MTOM, Ballstáit EASA, héileacaptair, 2006 |
| Figiúr 19 | Catagóirí tionóisce – tionóiscí le haerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 20 | Catagóirí tionóisce – tionóiscí le haerárthaí iasachta, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 21 | Catagóirí tionóisce – tionóiscí marfacha le haerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poibl'i nó eitl'iocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirb'in-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 22 | Catagóirí tionóisce – tionóiscí marfacha le haerárthaí iasachta, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 23 | Básanna in aghaidh catagóir tionóisce, aerárthaí cláraithe i mBallstáit EASA, úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ghinearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 24 | Básanna in aghaidh catagóir tionóisce, aerárthach iasachta úsáidte in oibríochtaí iompair poiblí nó eitlíocht ginearálta, aerárthach sciatháin dhobhogtha, tuirbín-chumhachta, le mais os cionn 5,700 kg |
| Figiúr 25 | Ráta na dtionóiscí marfacha, aerárthaí cláraithe san Eoraip, 2000-2006, aerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, oibríochtaí iompair poiblí |
| Figiúr 26 | Na catagóirí tionóisce is suntasaí,aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí, tionóiscí marfacha, 2000 – 2006 |
| Figiúr 27 | CFIT: Ráta na dtionóiscí marfacha 2000 – 2006, aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí |
| Figiúr 28 | LOC-I: Ráta na dtionóiscí marfacha 2000 – 2006, aerárthaí scoatháin dhobhogtha os cionn2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí |
| Figiúr 29 | TECH: Ráta na dtionóiscí marfacha 2000 – 2006, aerárthaí sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg, cláraithe san Eoraip, oibríochtaí iompair poiblí |

## AGUISÍN 3: LIOSTÚ NA DTIONÓISCÍ MARFACHA I 2006

Oibríochtaí Iompair Poiblí le haerárthach sciatháin dhobhogtha os cionn 2,250 kg MTOM amháin

### AERÁRTHAÍ CLÁRAITHE I MBALLSTÁIT EASA

| Dáta | Staid an teagmhais | Cineál Aerárthaigh | Cineál Oibríochta | Básanna ar bord | Céim na heitilte |
|---|---|---|---|---|---|
| 12/01/06 | An Ghearmáin | Beech 300 King Air | Farantóireacht/ suíomh | 2 | Ascnamh |
| 07/03/06 | An Spáinn | Cessna 421 | Tacsaí aeir | 6 | Ascnamh |
| 02/07/06 | An Ghearmáin | De Havilland DHC2 MK I Beaver | Paisinéir | 5 | Éirí |
| 09/07/06 | Cónaidhm na Rúise | Airbus A310 | Paisinéir | 126 | Tuirlingt |
| 10/10/06 | An Iorua | BAE Systems 146-200 | Paisinéir | 4 | Tuirlingt |
| 19/10/06 | An Fhrainc | Beech 90 King Air | Seirbhís Leighis Éigeandála | 4 | Éirí |

### AERÁRTHAÍ CLÁRAITHE SA CHUID EILE DEN DOMHAN (AERÁRTHAÍ IASACHTA)

| Dáta | Staid an teagmhais | Cineál Aerárthaigh | Cineál Oibríochta | Básanna ar bord | Céim na heitilte |
|---|---|---|---|---|---|
| 02/01/06 | An Úcráin | BAE Systems 125 Series 700 | Farantóireacht/ suíomh | 3 | Ascnamh |
| 16/01/06 | Stáit Aontaithe | Boeing 737-500 | Paisinéir | 1 | Seasamh |
| 19/01/06 | An Astráil | Beech 58 Baron | Paisinéir | 2 | Anaithnid |
| 21/01/06 | Ceanada | Cessna 208B | Paisinéir | 3 | Faoi bhealach |
| 08/02/06 | Stáit Aontaithe | Swearingen Metro II | Lastas | 1 | Faoi bhealach |
| 08/03/06 | Stáit Aontaithe | Cessna 414A | Farantóireacht/ suíomh | 3 | Ascnamh |
| 08/03/06 | Ceanada | Piper PA-31-350 | Lastas | 1 | Tuirlingt |
| 18/03/06 | Stáit Aontaithe | Beech C99 | Lastas | 2 | Ascnamh |
| 24/03/06 | Eacuadór | Cessna 208 Caravan I | Paisinéir | 5 | Éirí |
| 31/03/06 | An Bhrasaíl | Let L-410 | Paisinéir | 19 | Faoi bhealach |
| 16/04/06 | An Bholaiv | Fokker F-27 | Paisinéir | 1 | Tuirlingt |
| 24/04/06 | An Afganastáin | Antonov An-32 | Paisinéir | 2 | Tuirlingt |
| 27/04/06 | An Congó | Convair 580 | Lastas | 8 | Tuirlingt |
| 28/04/06 | Uganda | CESSNA 208 Grand Caravan | Lastas | 3 | Faoi bhealach |

| Dáta | Staid an teagmhais | Cineál Aerárthaigh | Cineál Oibríochta | Básanna ar bord | Céim na heitilte |
|---|---|---|---|---|---|
| 03/05/06 | Cónaidhm na Rúise | Airbus A320 | Paisinéir | 113 | Ascnamh |
| 02/06/06 | Stáit Aontaithe | Learjet 35A | Paisinéir | 2 | Ascnamh |
| 21/06/06 | Neipeal | De Havilland DHC6-300 | Paisinéir | 9 | Ascnamh |
| 25/06/06 | Stáit Aontaithe | Mitsubishi MU-2B-60 | Farantóireacht/ suíomh | 1 | Éirí |
| 30/06/06 | Mósaimbíc | Cessna 208B | Paisinéir | 1 | Ascnamh |
| 07/07/06 | An Congó | Antonov An-12 | Lastas | 6 | Faoi bhealach |
| 10/07/06 | Stáit Aontaithe | Piper PA-31-350 | Lastas | 1 | Faoi bhealach |
| 10/07/06 | An Phacastáin | Fokker F-27 | Paisinéir | 45 | Éirí |
| 03/08/06 | An Congó | Antonov An-28 | Paisinéir | 17 | Ascnamh |
| 04/08/06 | Stáit Aontaithe | Embraer 110 Bandeirante | Farantóireacht/ suíomh | 1 | Ascnamh |
| 13/08/06 | An Iodáil | Lockheed Hercules 100-30 | Lastas | 3 | Faoi bhealach |
| 22/08/06 | An Úcráin | Tupolev TU-154M | Paisinéir | 170 | Faoi bhealach |
| 27/08/06 | Stáit Aontaithe | Bombardier CRJ-100 | Paisinéir | 49 | Éirí |
| 01/09/06 | An Iaráin | Tupolev TU-154M | Paisinéir | 28 | Tuirlingt |
| 29/09/06 | An Bhraisíl | Boeing 737-800 | Paisinéir | 154 | Faoi bhealach |
| 25/10/06 | Madagascar | Cessna 425 | Paisinéir | 6 | Éirí |
| 29/10/06 | An Nigéir | Boeing 737-200 | Paisinéir | 96 | Éirí |
| 09/11/06 | An Congó | Let L-410 | Paisinéir | 1 | Tuirlingt |
| 17/11/06 | An Indinéis | De Havilland DHC6-300 | Paisinéir | 12 | Faoi bhealach |
| 18/11/06 | An Cholóim | Boeing 727-100 | Lastas | 5 | Ascnamh |
| 16/12/06 | An Tansáin | Cessna 310Q | Paisinéir | 2 | Éirí |
| 30/12/06 | Meicsiceo | Rockwell Sabreliner | Lastas | 2 | Ascnamh |

## SÉANADH

Is ar mhaithe le faisnéis amháin iad na sonraí tionóisce curtha i láthair anseo. Tá na sonraí gnóthaithe ó bhunachar sonraí Gníomhaireachta cuimsithe de shonraí ó ICAO agus tionscal na heitlíochta. Léiríonn sé feasacht ag an am ina gineadh an tuarascáil.

Cé go bhfuilir tar éis gach cúram a thógáil in ábhar na tuarascála a ullmhú chun earráidí a sheachaint, ní sholáthraíonn an Ghníomhaireacht aon bharánta i leith cruinneas, iomláine nó reathacht an ábhair. Ní bheidh an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas le haghaidh aon chineál damáistí nó éilimh nó ráchairt eile tabhaithe mar thoradh ar shonraí mícheart, neamhleor nó neamhbhailí, nó ag teacht chun cinn ó nó i gcomhar le húsáid, cóipeáil, nó taispeáint an ábhair, chomh fada agus atá ceadaithe ag dlíthe Eorpacha agus náisiúnta. Níor cheart an t-eolas cuimsithe sa tuarascáil seo a fhorléiriú mar chomhairle dhlíthiúil.

**INPHRIONTA**

Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa
Roinn Taighde agus Anailíse Sábháilteachta
Ottoplatz 1, D-50679 Cologne

Guthán : +49 221 89990 000
Facs : +49 221 89990 999
R-Phost : asr@easa.europa.eu

Údaraítear atáirgeadh chomh fada agus a tugtar aitheantas don foinse.

Tá eolas ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ar fáil ag www.easa.europa.eu.

**TREO EALAÍNE, DEARADH AGUS PRIONTÁIL**

Heller & C, Thomas Zimmer
Lindenstrasse 20, D-50674 Cologne



**EASA**

Ottoplatz 1, D-50679 Cologne
www.easa.europa.eu